A chairde,

Tá laethanta saoire an tsamhraidh buailte linn agus bliain lán le foghlaim agus spraoi trí mheán na Gaeilge curtha dínn. Tharla sé seo le tacaíocht ó fhoireann, tuismitheoirí agus páistí den scoth. Bhí sé mar sin ó thosach aimsire sa scoil nuair a d'oscail dóirsí na scoile don chéad uair i Meán Fómhair 1999. Agus mé ag fágáil na scoile mar phríomhoide i mbliana, beidh cuimhní iontacha agam de na páistí, den fhoireann agus de thuismitheoirí na scoile. Tá sprid faoi leith sa scoil, agus táim cinnte go leanfaidh an sprid speisialta ar aghaidh le foireann, páistí agus tuismitheoirí iontacha go ceann i bhfad eile.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach páiste a tháinig tríd an scoil agus go raibh sé de phribhléid agam bheith mar phríomhoide orthu. Is croílár na scoile sibh agus is eol dúinn go maith gur sibhse na páistí is fearr in Éirinn. Lena hais sin táim an-bhuíoch as an obair iontach atá déanta ag foireann na scoile, idir foireann bhainistíochta na scoile, múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanais speisialta, leis na páistí céanna le hoideachas den scoth a thabhairt dóibh. Táim cinnte go leanfaidh an obair iontach sin ar aghaidh faoi stiúir cumasach seasta Phádraig agus Sharon. Don rúnaí iontach atá ag obair taobh liom ó bhunú na scoile, Linda, mamaí na scoile, ní féidir a dhóthain a rá. Coinníonn sí an scoil sa tsiúil agus súil aici ar na páistí i gcónaí. Táim an-bhuíoch as airíoch na scoile, Peter, nár chaill ach lá amháin oibre ó thosaigh sé agus as na glantóirí iontacha a choinníonn an scoil glan i gcónaí.

Tá Coistí Chairde ag tacú leis an scoil le fada an lá ag cur le deiseanna foghlama na bpáistí, le hoideachas na dtuistí agus le saol sóisialta na scoile. Leanfaidh an obair iontach sin ar aghaidh leis an bhfuinneamh iontach atá agaibh. Táim an-bhuíoch as an oíche álainn a d'eagraigh Cairde na Scoile ar an Aoine, an 17-06-22, leis an mbia, an ceol, an comhluadar agus na focail álainn. Táim an-bhuíoch as na bronntanais fhlaithiúil a tháinig ó chuile aird. Go raibh míle maith agaibh.

Ní fheidhmíonn aon scoil i gceart gan Bord Bainistíochta stuama. Bhí an t-ádh linn agus liom i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe go raibh daoine iontacha agus uaisle a thug a gcuid ama go fial is go flaithiúil ar son forbairt na scoile agus ar son páistí na scoile. Ní haon eisceacht é an Bord Bainistíochta reatha agus guím gach rath orthu lena gcuid oibre amach anseo. Go raibh míle maith agaibh.

The summer holidays are now upon us and a year of learning and fun through the medium of Irish, has just flown by. This has happened as a result of the hard work of wonderful staff, parents and children. It has always been thus since the very first days of GSBB in September 1999. As I leave the role of principal, I have great memories of the children, the staff and the parents of the school. There is a unique atmosphere in the school, and I am sure that this special atmosphere will continue for a long time to come with such wonderful staff, pupils and parents.

I would like to thank most sincerely, all the children who have come through the doors of GSBB. You are the heartbeat of the school and as we all know, you are the best children in Ireland. I am so grateful for the superb work that the staff of GSBB, including in-school management, class teachers, support teachers and special needs assistants, has done with the same children in providing them with an excellent education. I am sure that that wonderful work will continue under the able and steady hands of Pádraig and Sharon. To Linda, our wonderful secretary, the school Mammy, enough cannot be said. She keeps the school running while all the time keeping an eye on the children. Thank you to our Caretaker, Peter, who has only ever missed one day of work during his tenure here, and to our wonderful cleaners who keep the school clean at all times.

Parent's committees have been supporting the school for a long time, providing extra resources and activities for the children, learning opportunities for parents, and enhancing the social life of the school community. That wonderful work will continue with the wonderful energy in the present

committee. I am especially grateful to Cairde na Scoile for the lovely evening organised for Friday, the 17-06-22, with beautiful music, good food, great company and lots of kind words. Although there was absolutely no need for gifts, I thank you for the generous presents kindly received.

No school can thrive without a steady Board of Management, and we have been lucky over the years to have had wonderful people who gave their time so generously for the development of the school and the children in it. The current Board of Management is no exception and I wish them the very best as they continue to guide the school. Thank you very much.

Seo an bhliain dheireannach do dhaltaí Rang 6 agus guímid gach rath orthu agus iad ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil. Gabhaimid buíochas leo as gach rud a thug siad agus a dtuismitheoirí don scoil. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí agus na cúntóirí go léir a chabhraigh leo ar an aistear seo. Slán speisialta le gach teaghlach arb é seo an searmanas fágála deireannach dóibh.

This is the final year in GSBB for our 6th class pupils and we wish them the very best on their journey onwards to secondary school. We thank them for all they and their parents have given to the school. We also thank all the teachers and SNAs who helped them on their journey. A special word of farewell to those families for whom this was their last graduation from GSBB.

Tuigim nach raibh ceolchoirm bheo againn i mbliana ach tá áthas orm a chur in iúl daoibh go bhfuil na múinteoirí tar éis taifead a dhéanamh ar mhíreanna óna ranganna agus tá sé curtha le chéile mar cheolchoirm scoile ar vimeo. Seo a leanas an nasc agus seolfar an pas fhocal trí ríomphost eile. https://vimeo.com/725293965 Ní féidir agus níl sé ceadaithe an físeán a íoslódáil. Imeoidh an pasfhocal as dáta ar an Luan, an 4-06-22. Bainigí sult as. Bhí físeán Rang 4, Proinnsias ró-fhada don cheolchoirm áfach agus seolfaidh Proinnsias nasc díreach chuig tuismitheoirí Rang 4.

I know we didn't have a live concert in school this year but I am glad to say that the class teachers have recorded the children and that these recordings have been put together as a concert on Vimeo. The link is available above and the password will be sent through another email. You may not download the video. The password will expire on Monday, the 04-06-22. Enjoy! Unfortunately, Rang 4, Proinnsias' video was too long for the concert and Proinnsias will send out a direct link to the parents from his class.

Mar is eol daoibh, seolfar ainmneacha na múinteoirí ranga sa tseachtain sara dtagann na páistí ar ais.

As usual, the names of teachers and classes will be made known to you the week before the children start back.

Mar fhocal scor, guím gach rath ar an scoil agus ar obair na scoile: an fhoghlaim, an cultúr Gaelach - an teanga, an ceol, na cluichí; an dea-chaidreamh, spioradáltacht, an spraoi, aire don timpeallacht, aire do dhaoine – dúinn féin agus do dhaoine eile agus míle rud eile a tharlaíonn i saol na scoile.

On a final note, I wish the school the very best in its work going forward: learning, our Gaelic culture – language, music and games, good relationships, spirituality, fun, looking after the environment, looking after ourselves and others among a myriad of things that happen in the life of our school.

Bíodh samhradh álainn agaibh. Go raibh míle maith agaibh.

Beir bua is beannacht!

Is mise, le meas,

Séamus Seaghach, Príomhoide